VACSAÍN COVID-19
Comhairle Sláinte Poiblí

Eolas do dhaoine atá chun teanndáileog den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil

Cé na daoine ar cheart dóibh teanndáileog den vacsaín a fháil?

Ba cheart duit teanndáileog a fháil má tá tú 60 bliain d'aois nó os a chionn.

Tá an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh ag moladh duit teanndáileog den vacsaín a fháil.

Cén fáth ar cheart dom teanndáileog den vacsaín a fháil?

D'fhéadfadh sé go mbeadh riosca ní ba mhó ann go n-éireodh daoine scothaosta go dona tinn le COVID-19, fiú má tá siad vacsaínithe cheana féin. Cén fáth é sin?

- Seans nár éirigh leis an vacsaín freagairt láidir a spreagadh i do chóras imdhíonachta.
- Seans go bhfuil an chosaint a fuair tú ón vacsaín cheana ag éirí níos laige le himeacht ama.
- Seans gur mó an riosca go dtolgfaidh tú COVID-19 anois agus an tsochaí á hoscailt arís.
- Tá an t-athraitheach Deilte de COVID-19, atá níos tógálaí, ag scaipeadh.
- Is féidir le COVID-19 scaipeadh go sciobtha i dtithe altranais agus i saoráidí cúraim chónaithe fhadtéarmaigh.
- Seans go bhfuil riochtaí sláinte ort a d'fhágfadh go mbeadh ní ba mhó riosca ann go n-éireofá go dona tinn le COVID-19.

Tá súil againn go dtabharfaidh teanndáileog cosaint níos fearr in aghaidh COVID-19 duit.

Cén vacsaín a cheadaítear dom a fháil?

Táimid ag tairiscint dáileog amháin den vacsaín Comirnaty® (Pfizer BioNTech) nó den vacsaín Spikevax® (Moderna) duit. Is vacsaíní mRNA iad sin. Is féidir leat an vacsaín seo a fháil fiú má fuair tú vacsaín eile roimhe seo. Tabharfaimid bileog eolais faoin vacsaín duit. Tá eolas tábhachtach inti; léigh go cúramach í. Tá sí le fáil ag hse.ie/covid19vaccine/ chomh maith.

Cathain ba cheart dom teanndáileog den vacsaín a fháil?

- Ba cheart duit teanndáileog den vacsaín a fháil thart ar shé mhí tar éis duit cúrsa vacsaíne in aghaidh COVID-19 a chríochnú. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go bhfaighidh tú í dhá mhí ar a laghad tar éis duit an cúrsa a chríochnú.
- Má bhí COVID-19 ort ó vacsaíníodh thú, fan go ceann sé mhí roimh duit teanndáileog a fháil.

Céard is eol dúinn faoi shábháilteacht na teanndáileoige?

Níl an méid céanna faisnéise againn maidir le sábháilteacht na teanndáileoige den vacsaín in aghaidh COVID-19. Tá teanndáileoga á dtabhairt i roinnt tíortha. De réir na staidéar atá déanta ar dhaoine a fuair teanndáileog, níl aon fho-iarmhairtí tromchúiseacha i gceist léi.

An bhfuil teanndáileog den vacsaín ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach?

Tá dáileog bhreise den vacsaín mRNA chéanna ceadaithe ag an nGníomhaireacht.

Tá an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh ag moladh gur féidir leat aon cheann de na vacsaíní mRNA a fháil mar theanndáileog, is cuma cén vacsaín a fuair tú ar an gcéad dul síos. Má fuair tú an vacsaín AstraZeneca, cuir i gcás, seans go dtairgfear teanndáileog de Moderna nó Pfizer duit anois. Is é sin atá á mholadh ag an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh, ach níl sé ceadaithe fós ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach.
Téigh chuig ema.europa.eu le tuilleadh eolais a fháil.

An féidir liom an teanndáileog den vacsaín a fháil ag an am céanna leis an vacsaín in aghaidh fliú nó le vacsaíní eile?

Is féidir teanndáileog den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín in aghaidh fliú nó le vacsaíní eile.

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais faoi na vacsaíní le fáil ar hse.ie/covid19vaccine/
Is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh, altra, cógaiseoir nó vacsaíneoir chomh maith.

Arna fhoilsiú ag FSS
an 4 Samhain 2021
Leagan 4

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland